

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025
(OR. en)**

10045/25

**RESPR 14
FIN 659
ECOFIN 735
FISC 138**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le staid na himeartha sa phlé i ndáil le hacmhainní dílse nua

I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020¹, déantar foráil i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020² maidir leis an obair chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, ar cheart dó méid leordhóthanach a bhailiú a bheadh comhfhreagrach leis an gcaiteachas ionchasach le haghaidh aisíocaíocht na príomhshuime agus ús na gcistí a fhaightear ar iasacht a chumhdach le haghaidh caiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 5(1) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse (NextGenerationEU, cuid na ndeontas). Leagtar amach sa chomhaontú idirinstiúideach freisin treo chlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach agus foráiltear leis gur cheart don Chomhairle an chéad phacáiste de na hacmhainní dílse a phlé roimh an 1 Iúil 2022 (d’fhonn iad a thabhairt isteach an 1 Eanáir 2023) agus an dara ciseán breise d’acmhainní dílse a phlé faoin 1 Iúil 2025 (d’fhonn iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2026).

¹ EUCO 10/20 (míreanna A29, 145-150).

² Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treo chlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28).

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an Coimisiún togra i mí na Nollag 2021 chun an Cinneadh maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh¹ a leasú, lena n-áireofaí trí acmhainn dhílis nua bunaithe ar an méid seo a leanas: córas trádála astaíochtaí an Aontais (CTA), sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (SCCT)² agus ranníocaíocht náisiúnta le buiséad an Aontais bunaithe ar an sciar de bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí a arna ath-leithdháileadh ar na Ballstáit ('Colún I').

An 20 Meitheamh 2023, thíolaic an Coimisiún pacáiste coigeartaithe don chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse. Áirítear sa phacáiste leasú nua ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse³ (lena leasaítear togra mhí na Nollag 2021), ar leasú é a dhéanfar trí acmhainn dhílis staidrimh nua bunaithe ar bhrabúis chuideachta a thabhairt isteach agus trí choigeartuithe a dhéanfar tar éis ghlacadh na reachtaíochta earnála maidir le SCCT agus maidir leis an athbhreithniú ar CTA.

Ina theannta sin, áirítear sa phacáiste coigeartaithe dhá thogra leasaithe a bhaineann le bearta cur chun feidhme an chórais acmhainní dílse, lena n-áirítear leasuithe nua ar an rialachán maidir le cur ar fáil⁴ agus ar na tograí maidir le bearta cur chun feidhme⁵ ó mhí an Mhárta 2022, a raibh Doiciméad Inmheánach Oibre ag gabháil leo freisin⁶. Áirítear sna tograí sin na coigeartuithe is gá chun comhaontú na gcomhreachtóirí a léiriú maidir le bailiú SCTT agus áirítear iontu forálacha nua maidir leis an acmhainn dhílis staidrimh. Tá na rialacha maidir leis an acmhainn dhílis atá bunaithe ar sciar na mbrabús ath-leithdháilte ('Colún I') fós sa togra i ndáil leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse.

Cuireann an tuarascáil seo, lena n-áirítear na moltaí a leagadh amach inti, leis an obair a rinne na hUachtaránachtaí a bhí ann roimhe seo agus déantar í a tharraingt suas faoi fhreagracht Uachtaránacht na Polainne.

¹ 15260/21.

² D'fhoilsigh an Coimisiún freisin, an 14 Iúil 2021, tograí reachtacha maidir le SCCT agus maidir leis an athbhreithniú ar CTA. Glacadh an dá rialachán i mí na Bealtaine 2023.

³ 10853/1/23 REV1.

⁴ 10855/1/23 REV1.

⁵ 10854/1/23 REV1.

⁶ 10853/23 ADD1. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre déantar measúnú ar na hacmhainní dílse príomha a mhol Parlaimint na hEorpa a d'fhéadfaí a áireamh, agus ar an acmhainneacht a bhaineann leo mar acmhainní dílse nua de réir trí chritéar: acmhainneacht ioncaim, simplíocht agus slógadh tapa ioncaim.

II. STÁID NA hIMEARTHACHA

Bhí dhá chuid i gceist leis an obair a rinne Uachtaránacht na Polainne: ar thaobh amháin, féachadh ar **fheidhmiú an chórais acmhainní dílse atá ann faoi láthair**. Ar an taobh eile, spreagadh plé idir na Ballstáit maidir leis **an bpacáiste coigeartaithe don chéad ghluin eile d'acmhainní dílse**.

Chuige sin, d'eagraigh sí sé chruinniú: an 20 Eanáir, an 28 Feabhra, an 13 Márta, an 29 Aibreán, an 22 Bealtaine agus an 5 Meitheamh.

Feidhmiú an chórais acmhainní dílse atá ann cheana

Chuir an Mheitheal um Acmhainní Dílse tús lena cuid oibre agus rinneadh plé ar an **tuarascáil ón gCoimisiún maidir le feidhmiú an chórais acmhainní dílse bunaithe ar CBL¹**.

Leagadh béim sa tuarascáil ar an méid a baineadh amach le hiarrachtaí simplithe an Choimisiúin ar an iomlán, agus go háirithe: a laghad tionchair atá aige ar an mbonn CBL, deireadh a chur le cúitimh agus ceartúcháin, an laghdú géar ar fhorchoimeádais agus an laghdú ar an ualach riaracháin do na Ballstáit, lena n-áirítear a bhuí le húsáid an mhodha ríofa shimplithe le haghaidh an mheánráta ualaithe CBL, a bhí gar i gcónaí don mheánráta ualaithe iarbhir ó 2016 i gcás an mheánráta ualaithe a tháinig as sin idir 2021 agus 2024.

Agus torthaí na tuarascála á bplé acu, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an simpliú a tugadh isteach tar éis athchóiriú 2021, chomh maith leis an laghdú an-mhór a tháinig ar an ualach riaracháin. Mar sin féin, chuir roinnt Ballstát in iúl go raibh imní orthu faoi dhialltaí idir meánráta ualaithe reoite 2016 agus na meastacháin reatha, agus d'iarr cuid acu go ndéanfaí an WAR a athríomh trí úsáid a bhaint as sonraí nuashonraithe a luaithe is féidir, agus thug Ballstáit eile rabhadh maidir leis na deacrachtaí a bhaineann le meánráta ualaithe reoite nua a ríomh mar gheall ar infhaighteacht theoranta sonraí agus costais arda riaracháin. Bunaithe ar an bplé, gheall an Coimisiún go ndéanfaidh sé an Treoir Inmheánach maidir leis an acmhainn dhílis CBL-bhunaithe a thabhairt cothrom le dáta chun a léirmhíniú ar cheartúcháin a bhaineann le sárúithe CBL (féideartha) a ailíniú le forálacha Rialachán 1553/89 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021, chun neamhréireachtaí a chosc.

¹ 16919/24, doiciméad CCAD arna chomhroinnt leis na Ballstáit (Ares(2025)1886987 an 10/3).

Bunaithe ar **cheistneoir ón Uachtaránacht maidir le feabhas a chur ar an gcóras acmhainní dílse atá ann faoi láthair¹**, bhi seisiún tuairimíochta ag na Ballstáit maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an córas acmhainní dílse atá ann faoi láthair ina iomláine agus maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dúshlán ann a mhéid a bhaineann le feidhmiú sonrach na n-acmhainní dílse bunaithe ar OIN, CBL, dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte agus acmhainní dílse traidisiúnta agus maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh sa chás sin. cumasc a dhéanamh idir na rialacháin maidir le cur ar fáil, an nós imeachta athbhreithnithe lena rialaítear díospóidí idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil, rialacha aontaithe maidir le coigeartuithe ar acmhainní dílse na mblianta airgeadais roimhe sin, modhanna ríofa na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte, modh staidrimh na gcaillteanas acmhainní dílse traidisiúnta atá inchurtha i leith na mBallstát, nós imeachta réamhaisnéise agus féidearthachtaí simpliúcháin sa reachtaíocht maidir le hacmhainní dílse. Measann formhór na dtoscaireachtaí go n-oibríonn feidhmiú teicniúil an chórais atá ann faoi láthair go maith tríd is tríd chun maoiniú tráthúil rianúil bhuiséad an Aontais a cheadú. Mar sin féin, cuireann roinnt toscaireachtaí in iúl go bhféadfaí athruithe a dhéanamh, ar cheart dóibh a bheith dea-cheaptha agus teorannaithe do mhionchoigeartú agus don chóras a chomhchuibhiú gan an t-ualach riaracháin a mhéadú agus trédhearcacht, intuarthacht agus infheidhmeacht éasca maidir le gach cineál acmhainní dílse a áirithiú. Bunaithe ar an bplé agus ar na tuairimí i scríbhinn a fuarthas ó na Ballstáit, thíolaic an Uachtaránacht nóta achomair maidir leis an athbhreithniú ar an gcóras agus barúlacha deiridh², a ndearna na Ballstáit measúnú dearfach air.

Ar deireadh, phléigh an mheitheal **an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an anailís costais is tairbhe ar úsáid an chuntais lárnaigh dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(c) den rialachán maidir le cur ar fáil³**.

¹ WK 34/2025 INIT.
² WK 34/2025 ADD 1.
³ COM(2025) 161 final.

Thíolaic an Coimisiún a mheastóireacht ar na samhlacha státhiste roghnaithe, i.e. samhail an chuntais lárnaigh arna sealbhú sa Bhanc Ceannais Eorpach agus an tsamhail bharrfheabhsaithe státhiste, lena mbaineann trí chuntas sealbhaíochta airgid lánacha arna sealbhú sna bainc cheannais náisiúnta roghnaithe, sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Bheilg (rogha lasmuigh de raon feidhme fhorálacha nua Airteagal 9 den Rialachán maidir le cur ar fáil). Mar chonclúid, molann an Coimisiún rogha 2 — samhail bharrfheabhsaithe státhiste — mar réiteach costéifeachtach do chóras bainistíochta airgid don chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, ag glacadh leis go mbeidh na Ballstáit rannpháirteach ar bhonn deonach. Cé gur mheas roinnt Ballstát go raibh gealladh faoin tsamhail bharrfheabhsaithe státhiste, b'fhearr le roinnt Ballstát eile a rogha samhla féin. I ndáil leis sin, d'fhiosraigh na Ballstáit an leasódh an Coimisiún an Rialachán maidir le cur ar fáil chun na críche sin.

Mar nasc idir an plé ar an gcóras reatha agus an plé ar na hacmhainní dílse nua atá beartaithe agus ar acmhainní dílse nua eile a d'fhéadfadh a bheith ann, chuir an Uachtaránacht nóta faoi bhráid na meithle maidir le **cúlchéimnitheacht chóras acmhainní dílse an Aontais**¹.

Léiríodh sa nóta go háirithe cúlchéimneacht reatha an chórais ioncaim atá ann faoi láthair, go háirithe i bhfianaise na gceartúchán cnapshuime ar ranníocaíochtaí bliantúla OIN-bhunaithe le haghaidh na tréimhse 2021-2027 ó roinnt Ballstát. Tugadh faoi deara freisin sa nóta, cé go bhfuil sásraí ceartúcháin ag acmhainní dílse CBL agus dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach freisin, go bhfuil siad cúlchéimnitheach go bunúsach². Léiríodh sa nóta, ar deireadh, an chaoi a gcuirfeadh acmhainn dhílis CTA, mar a moladh, le cúlchéimnitheacht an chórais³, agus tugadh le tuiscint go bhféadfaí tuilleadh oibre a dhéanamh chun dul i ngleic leis an gcúlchéimnitheacht bhreathnaithe.

¹ WK 3182/2025 INIT.

² Mar chéatadán de OIN an Bhallstáit i gcoibhneas le OIN *per capita* an Bhallstáit sin.

³ Cé go ndéantar foráil sa togra maidir le sásra dlúthpháirtíochta.

Mar fhreagra ar na ceisteanna atá sa nóta, cé gur áitigh roinnt Ballstát nárbh fhéidir cothroime thaobh an ioncaim a dheighilt ó chothroime thaobh an chaiteachais, chuir Ballstáit eile in iúl gur gá cothroime thaobh an ioncaim a chur in éineacht le simpliú an chórais, lena n-áirítear trí dheireadh a chur le ceartúcháin chnapshuime. I ndáil leis sin, thug Ballstát áirithe dá aire nár cheart ach cnapshuimeanna le haghaidh na n-acmhainní dílse cúlchéimnitheacha a mheas, agus mhol Ballstáit eile gur cheart treoir ranníoca a bheith mar thoradh ar aon acmhainní dílse nua a bheadh le tabhairt isteach, rud a bheadh comhghaolaithe go dlúth le heochair OIN. Ar an gcaoi chéanna, cé gur áitigh roinnt Ballstát go maolódh ceannas na hacmhainne dílse bunaithe ar OIN cúlchéimnitheacht an chórais, mhol Ballstát eile go ndéanfaí an cúlchéimnitheacht sin a fhritháireamh trí fhíor-acmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

Pacáiste coigeartaithe le haghaidh na chéad ghlúine eile d'acmhainní dílse

Chuir an Uachtaránacht tús leis an tsraith oibre sin trí phlé a dhéanamh ar staid na himeartha agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, ar fhiigiúirí ioncaim nuashonraithe le haghaidh **na n-acmhainní dílse nua atá beartaithe** bunaithe ar an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT), an Córas Trádála Astaíochtaí (CTA), brabúis chuideachta staidreamhbhunaithe (CPOR), BEFIT (Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim) agus Colún I.

Bhí díomá ar roinnt Ballstát go ginearálta faoin drogall a bhí ar an gCoimisiún fiigiúirí ioncaim nuashonraithe a chur ar fáil, agus faoin gcaoi ar thagair sé d'obair a rinneadh in 2023. Mhínigh an Coimisiún a chur chuige, áfach, trí aird a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le spot-athbhreithnithe iomadúla ar na meastacháin i bhfianaise na n-athruithe ar phraghsanna.

Maidir le SCCT, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit an míniú a thug an Coimisiún maidir le togra simpliúcháin SCCT¹ (cuid den phacáiste reachtach 'Omnibus I'), na himpleachtaí do raon feidhme SCCT agus, dá bhrí sin, an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith aige ar ioncam.

¹ 6609/25 (COM(2025) 87 final).

Maidir le CTA, athdhearbhaíodh go raibh roinnt Ballstát ag cur ina choinne toisc a chúlchéimnithí atá sé, agus i gcodarsnacht leis sin, toilteanas grúpa eile Ballstát an togra a mheas.

Ar deireadh, maidir le CPOR, léiríodh sa phlé go bhfuil formhór na mBallstát i gcoinne na hacmhainne dílse nua sin, go háirithe i bhfianaise a cineál staidrimh.

Mheabhraigh roinnt Ballstát a thábhachtaí atá sé an pacáiste reatha a chur san áireamh mar atá beartaithe, agus an treochar maidir le hacmhainní dílse a thabhairt isteach a urramú.

Chuir an Uachtaránacht an plé maidir leis an bpacáiste reatha ar aghaidh ansin trí iniúchadh tosaigh a mholadh ar acmhainní dílse breise/malartacha nua don phacáiste atá beartaithe a d'fhéadfadh cabhrú leis an aontoilocht is gá a chothú sa Chomhairle.

Chuipe sin, thíolaic sé páipéar leathoifigiúil maidir le **hacmhainní dílse féideartha nua** do bhuiséad an Aontais¹, ina raibh achoimre ghairid ar an obair a rinneadh roimhe seo agus machnamh tosaigh, bunaithe ar an obair sin, ar acmhainní dílse nua a d'fhéadfadh a bheith ann timpeall ar roinnt príomhaiseanna: táillí/cánacha teorann an Aontais, lena n-áirítear cánachas Cholún II, cánacha siarchoinneálacha ar dhíbhinní, ús agus ríchíosanna san Aontas, cánacha 'imeachta'; b) cáin a ghearradh ar chuideachtaí ilnáisiúnta móra agus go háirithe ar 'mhórchuideachtaí teicneolaíochta', lena moltar go bhféadfaí tabhairt faoi chaibidlíocht maidir le togra 2018 ón gCoimisiún le haghaidh cáin ar sheirbhísí digiteacha i bhfianaise easpa comhaontú idirnáisiúnta maidir le Colún I ECFE, cáin bunaithe ar bhrabúis iomarcacha², agus tobhach ar an margadh inmheánach; c) cáin a ghearradh ar shaibhreas foircneach trí acmhainn dhílis a thabhairt isteach a bheidh bunaithe ar cháin íosta ar ghlanfhiúchas sár-ard daoine aonair san Aontas; d) acmhainní dílse aeráide agus comhshaoil, mar shampla, acmhainní dílse a bheidh bunaithe ar thobhach ar earnáil na heitlíochta, agus; (e) acmhainní dílse bunaithe ar chánachas na hearnála airgeadais, mar shampla, trí cháin ar idirbhearta airgeadais, cáin ar ghníomhaíochtaí airgeadais nó bunaithe ar chripteashócmhainní³.

¹ WK 4848/2025 INIT.

² Bunaithe ar Cholún I ECFE.

³ Áiríodh sa pháipéar leathoifigiúil freisin 'ioncam eile' ó ETIAS, ón gCóras Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil, ón bpréimh astaíochtaí iomarcacha ó mhonaróirí gluaisteán paisinéirí, nó an t-ioncam ó tháille láimhseála neamh-idirdheallaitheach a d'fhéadfadh a bheith ann sa ríomhthráchtáil.

D'éascaigh an Coimisiún an tsraith oibre sin go mór trí líon tábhachtach ranna agus comhghleacaithe a shlógadh chun tacú le hobair na hUachtaránachta agus na meithle. Ba dhíol sásaimh do go leor toscaireachtaí an cleachtadh, cé go n-aithníonn siad go mbaineann an plé cánach le fóraim eile, is é sin ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta. D'iarr roinnt Ballstát ar an gCoimisiún toradh an phlé a chur san áireamh, ach d'aithin siad freisin a thábhachtaí atá sé anailís chríochnúil a dhéanamh. I ndáil leis sin, d'iarr roinnt toscaireachtaí gan dearmad a dhéanamh ar an togra reatha ó 2021 agus a athbhreithníodh in 2023, agus machnamh a dhéanamh go príomha ar thograí breise a d'fhéadfaí a thabhairt isteach in am don chéad CAI eile.

Chreid roinnt toscaireachtaí go raibh an córas reatha in ann aon chaiteachas breise a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach sa chéad CAI eile, ach léirigh siad go raibh siad toilteanach scrúdú a dhéanamh ar thograí nua. I ndáil leis sin, chuir roinnt toscaireachtaí eile i bhfios go láidir nach mór aon chomhaontú a d'fhéadfadh a bheith ann a mheas mar phacáiste. Rud atá tábhachtach, leag roinnt toscaireachtaí béim ar an ngá atá le hacmhainní dílse nua a bheith cothrom, cé gur leag roinnt toscaireachtaí béim ar an ngá atá le hacmhainní dílse nua chun ranníocaíochtaí ioncaim náisiúnta a laghdú (arb ionann iad agus 'airgead úr'), agus mheabhraigh siad gur cánacha náisiúnta atá ann cheana i roinnt mhaith Ballstát a bhí i gcuid mhaith de na smaointe nua a cuireadh i láthair. Ina theannta sin, gheall an Uachtaránacht go ndéanfaidh sí anailís níos doimhne sa mheitheal, ar bhonn ionchur ó shaineolaithe ar tugadh cuireadh dóibh, maidir le hacmhainní dílse a d'fhéadfadh a bheith ann bunaithe ar an méid seo a leanas: a) comhcháin shiarchoinneálach san Aontas; (b) cáin íosta ar ghlanfhiúchas sár-ard daoine aonair san Aontas; (c) cánachas ar chorparáidí móra; agus d) cáin dhigiteach chomhchoiteann de chuid an Aontais.

A mhéid a bhaineann le a), léirigh roinnt Ballstát an-spéis, ach d'iarr siad figiúirí nuashonraithe maidir le hacmhainneacht ioncaim, agus maidir leis na chéad chéimeanna eile chun é a chur chun feidhme go praiticiúil. Léirigh roinnt Ballstát inní mar gheall ar cheannasacht náisiúnta, na deacrachtaí a bhaineann le rialacha cánach a chomhchuibhiú *vis-à-vis* tríú tíortha, agus na héifeachtaí iompraíochta a d'fhéadfadh a bheith ann.

Cé gur aithin na Ballstáit iarrachtaí idirnáisiúnta (a rinne G20), bhí freagairtí comhchosúla acu maidir le b), go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: ceannasacht náisiúnta, deacrachtaí ar an leibhéal teicniúil, fócas gearrthéarmach féideartha ar imghabháil/seachaint cánach nó díospóidí cúirte a d'fhéadfadh a bheith ann i bhfianaise conarthaí cánach déthaobhacha le tríú tíortha a bheith ann agus conas an togra a oibríochtú.

Maidir le c), mheas toscaireacht nár dhócha go dtiocfaí ar réiteach ar an leibhéal domhanda, agus léirigh toscaireacht eile tacaíocht láidir don obair ar chánacha lena gcosnaítear ceannasacht an Aontais.

Ar deireadh, maidir le d), bhí roinnt Ballstát sásta leis an smaoineamh ach ní raibh siad dóchasach go bhféadfaí é a thabhairt isteach in am don chéad CAI eile. Mhol daoine eile a bheith cúramach toisc go bhféadfadh bearta díoltais ó chomhpháirtithe idirnáisiúnta a bheith mar thoradh ar a thabhairt isteach. Mar gheall ar na hargóintí sin, d'iarr roinnt Ballstát díriú ar iarrthóirí níos dóchúla, agus d'iarr Ballstáit eile go leanfaí den obair ar an ábhar. Mheabhraigh grúpa deiridh Ballstát na cánacha náisiúnta atá acu cheana ar sheirbhísí digiteacha agus leag siad béim ar bhreithnithe cúramacha polaitiúla agus teicniúla a bhaineann le togra mar sin le haghaidh acmhainn dhílis nua.

Ina theannta sin, d'iarr an Uachtaránacht ar an gCoimisiún eolas faoi staid na himeartha agus faoin dul chun cinn leis an gcreat dlíthiúil a bhaineann le criptea-airgeadraí a chur i láthair chun a mheas an bhféadfadh an t-ioncam ó chripteashócmhainní a bheith ina acmhainn dhílis fhéideartha a luaithe a bhainfear amach an leibhéal iomchuí rialála agus comhchuibhithe sa réimse sin san Aontas.

Ar deireadh, d'iarr an mheitheal freisin staid na himeartha maidir le táillí agus pionóis shonracha a d'fhéadfadh a bheith ina n-ioncam eile do bhuiséad an Aontais (táille ETIAS, táille láimhseála ríomhthráchtála, pionós as astaíochtaí CO2 ar mhonaróirí gluaisteán), agus tugadh an méid sin dóibh. Chuir roinnt Ballstát in iúl gur spéis leo iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag táillí agus pionóis ar ioncam ar bhuiséad an Aontais.

III. MOLTAÍ

Maidir leis an measúnú ar fheidhmiú an chórais acmhainní dílse atá ann faoi láthair, cé go n-athdhearbhaíonn sí an dearcadh atá ag na Ballstáit go bhfeidhmíonn sé go maith tríd is tríd trí ioncam dlíthiúil agus rialta a sholáthar lena gceadaítear buiséad an Aontais a mhaoiniú go cobhsaí, sainaithníodh athruithe a d'fhéadfadh a dhéanamh chun rannchuidiú le simpliú an chórais, agus chun trédhearcacht agus intuarthacht an chórais a chinntiú.

Iarrtar ar an gCoimisiún tograí a moladh a anailísiú agus saincheistanna achtrannacha a shainaithint go críochnúil d'fhonn iad a áireamh i dtograí reachtacha a d'fhéadfadh a chur síos¹.

Ina theannta sin, creideann an Uachtaránacht gur cheart breathnú ar na hathruithe is féidir a chur chun feidhme go tapa, ar athruithe teicniúla iad ar chur ar fáil an rialacháin maidir le hacmhainní dílse, mar shampla: coigeartuithe ar an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach a aistriú go dtí mí an Mhárta den bhliain dár gcionn; maidir leis na réamhíocaíochtaí a dhéantar i gcás na ranníocaíochta míosúla acmhainní dílse bunaithe ar phlaisteach, ba cheart féidearthacht an réamhíoca sin a ailíniú leis na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN; agus ba cheart an tairseach — ar faoina bun a tharscaoiltear méideanna úis — a ailíniú i gcás na n-acmhainní dílse uile.

I measc na saincheistanna eile a sainaithníodh, ar gá tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh orthu tá: an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún modh staidrimh a úsáid chun caillteanais acmhainní dílse traidisiúnta atá inchurtha i leith na mBallstát a chainníochtú agus na coinníollacha faoinar féidir leis an gCoimisiún sin a dhéanamh; nós imeachta aontaithe um athbhreithniú a thabhairt isteach ar le cinneadh ón gCoimisiún lena rialaítear díospóidí idir an Coimisiún agus na Ballstáit a thabharfar i gcrích é; agus na forálacha maidir leis an modh chun dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte a ríomh chun críoch ranníocaíochta, na forálacha sin a aistriú ó ghníomh cur chun feidhme an Choimisiúin go dtí an rialachán maidir le cur ar fáil nó an nós imeachta scrúdúcháin a ghlacadh.

¹ Cuirtear moltaí na n-athruithe i láthair in WK 34/2025 ADD 1. Ceistneoir ón Uachtaránacht maidir le feabhas a chur ar an gcóras acmhainní dílse atá ann faoi láthair. Nóta ón Uachtaránacht bunaithe ar fhreagraí na mBallstát.

Iarrann an Uachtaránacht ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna sonracha freisin. Áirítear leo sin go háirithe: an fhéidearthacht an meánráta ualaithe reoite a chuirtear i bhfeidhm maidir le hacmhainní dílse CBL-bhunaithe a nuashonrú chun a chinntiú gur cruinne agus gur cothroime a bheidh na ranníocaíochtaí CBL-bhunaithe le buiséad an Aontais; agus feabhas a chur ar mhodheolaíocht ríofa na hacmhainne dílse bunaithe ar phlaisteach, agus aird á tabhairt ar inchomparáideacht agus iontaofacht na sonraí agus gan ualach riaracháin breise a chruthú; chomh maith le saincheisteanna achrannacha maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta mar shampla cinneadh an phointe tosaigh le haghaidh ríomh an úis ar íocaíochtaí déanacha; agus an easpa dreasachtaí lena spreagfaí na Ballstáit seiceálacha agus rialuithe custaim a dhéanamh.

I gcomhthéacs an córas acmhainní dílse a shimpliú, ba cheart a mheabhrú nár cheart gurbh ann ag an aon am amháin do roinnt rialachán maidir le cur ar fáil ach ar bhonn sealadach agus gur cheart na gníomhartha dlí sin a chumasc in aon rialachán amháin a luaithe is féidir.

Maidir leis an bpacáiste coigeartaithe don chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse, rinneadh na tograí ón gCoimisiún Eorpach a athscrúdú agus a phlé, mar a mhínítear i roinn II, ach **tá difríochtaí suntasacha fós ann sa mheasúnú** agus níorbh fhéidir aon chóineasú suntasach a dhéanamh ar na seasaimh. Chuir easpa sonraí airgeadais nuashonraithe bac ar an bplé.

Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur mheas go leor Ballstát gur rud dearfach a bhí sa togra maidir le hacmhainní dílse atá bunaithe ar SCCT. I ndáil leis an méid sin, tá sé innholta go n-ullmhódh an Coimisiún Eorpach, go luath sa chaibidlíocht agus tráth nach déanaí ná deireadh 2025, **anailís airgeadais ar leathnú raon feidhme SCCT**, lena n-áirítear roghanna airgeadais éagsúla, ag brath ar raon feidhme leathnú an tsásra sin chuig earnálacha nua.

Maidir leis an togra maidir le córas trádála astaíochtaí (CTA), in ainneoin go dtacaíonn grúpa Ballstát leis, is ábhair imní do roinnt Ballstát cúlchéimnitheacht mhéadaitheach an chórais agus an tionchar diúltach a imríonn sé ar bheartas fuinnimh agus aeráide an Aontais trí chuid de na hacmhainní a theastaíonn chun an beartas sin a shaothrú a bhaint de na Ballstáit.

Ina theannta sin, creideann an Uachtaránacht go bhfuil dúshláin roimh an togra bunaithe ar CTA a eascraíonn as laghdú spriocdhírthe astaíochtaí agus luaineacht bhunúsach praghsanna in CTA, rud a bhaineann an bonn d'intuathacht agus de chobhsaíocht mhaoiniú an Aontais. Meastar freisin, dá leathnófaí CTA chuig earnálacha eile, mar shampla earnáil na bhfoirgneamh agus earnáil an iompair de bhóthar, go mbeadh tionchar díréireach aige sin ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus ar FBManna. Treisíonn sé sin dúshláin dáileacháin, go háirithe ós rud é go bhfuil na cistí a bhíonn ar fáil teoranta i gcónaí ó thaobh raon feidhme agus tréimhse de. Agus an iomaíocht dhomhanda mhéadaitheach á cur san áireamh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar a áirithiú nach ndéanfaidh dearadh foinsí nua ioncaim difear díréireach do ghníomhaithe eacnamaíocha inmheánacha, ach go bhféachfaí le rannchuidiú cothrom agus cóir a fháil uathu siúd a bhíonn ag feidhmiú laistigh den Mhargadh Aonair agus a bhaineann tairbhe as, lena n-áirítear eintitis sheachtracha.

I bhfianaise na bpléití, creideann an Uachtaránacht gur cosúil **nach mór modhnuithe a dhéanamh ar an bpacáiste atá beartaithe**. Go háirithe, tá sé tábhachtach go gcuirfeadh córas acmhainní dílse an Aontais an t-ualach is lú is féidir ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí an Aontais agus nach mbainfeadh sé an bonn de sheasamh iomaíoch gheilleagar an Aontais. Ba cheart dóibh siúd a bhaineann tairbhe as an margadh aonair, lena n-áirítear eintitis/ardáin eachtracha agus cuideachtaí ilnáisiúnta (go háirithe cuideachtaí digiteacha), rannchuidiú go cothrom le maoiniú an mhargaidh sin.

D'fhonn teacht ar chomhaontú agus comhréiteach, creideann an Uachtaránacht nár cheart go gcuirfeadh tograí a bheidh ann amach anseo le fadhb na cúlchéimnitheachta atá i gcóras maoinithe bhuiséad an Aontais agus, i gcomhréir leis an gConradh, gur cheart acmhainneacht rannchuiditheach na mBallstát aonair i gcóras na n-acmhainní dílse a chur san áireamh ar bhealach níos fearr agus, i gcás na mBallstát nach bhfuil chomh rathúil céanna, eilimintí cúlchéimnitheacha atá sa chóras acmhainní dílse atá ann faoi láthair a cheartú. D'fhéadfadh breithniú neamhleor ar fhadhb na cúlchéimnitheachta a bheith ina phríomhchonstaic amach anseo roimh chomhaontú maidir le maoiniú bhuiséad an Aontais ach, mar a luaitear sa treochlár a ghabhann le Comhaontú Idirinstitiúideach mhí na Nollag 2020: Is inmhianaithe freisin na méaduithe ar an acmhainn dhílis OIN-bhunaithe a mhaolú do na Ballstáit.'.

Creideann an Uachtaránacht, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún agus don Chomhairle — ar deireadh — leanúint dá gcuid oibre ar ioncaim eile do bhuiséad an Aontais (mar shamplaí táillí agus pionóis), gan dochar don phlé earnála ná don ról a thugtar in Airteagal 311 CFAE d’acmhainní dílse. D’ainneoin tionchair airgeadais éagsúla a bheith ag ioncaim eile a tugadh isteach nó atá beartaithe, a d’fhéadfadh teacht as tobhaigh, táillí, fineálacha nó foinsí eile, d’fhéadfadh a n-éifeacht chomhcheangailte a bheith suntasach agus beartais an Aontais á maoiniú tar éis 2027. Moltar go n-ullmhódh an Coimisiún Eorpach, **a luaithe is féidir ach faoi dheireadh 2025 ar a dhéanaí, faisnéis chuimsitheach maidir le hioncaim eile atá ann cheana agus atá beartaithe le dul i mbuiséad an Aontais, mar aon le réamhaisnéisí ar a dtionchar airgeadais.**

IV. CONCLÚID

I bhfianaise na hoibre a rinneadh go dtí seo faoi an Mheitheal um Acmhainní Dílse idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2025 maidir leis an gcóras acmhainní dílse atá ann faoi láthair agus an cruth a bheidh air amach anseo, iarrann an Uachtaránacht ar na Ballstáit an dul chun cinn a rinneadh le linn Uachtaránacht na Polainne agus na moltaí thuasluaite a thabhairt dá n-aire.
